# PREASEISIÚINT Uimh. 87/26

**Lucsamburg, 16 Meitheamh 2026**

Breithiúnas na Cúirte i gCásanna Uamtha C-188/24 | WebGroup Czech Republic agus NKL Associates agus C-190/24 | Coyote System

## Seirbhísí na sochaí faisnéise: féadfaidh na Ballstáit deimhniú aoise a cheangal ar úsáideoirí suímh gréasáin pornagrafaíochta agus athchraoladh faisnéise a bhaineann le seiceálacha cois bóthair áirithe ar a gcríoch a thoirmeasc

*Tá seirbhísí na sochaí faisnéise faoi dhliteanas i dtaobh an ábhair agus na faisnéise faoina rialú*

Mar fhreagra ar cheisteanna a tharchuir an Chomhairle Stáit (an Fhrainc), ar dtús sonraíonn an Chúirt Bhreithiúnais na coinníollacha faoina bhféadfaidh na Ballstáit oibleagáid a fhorchur chun aois úsáideoirí suímh gréasáin pornagrafaíochta a dheimhniú agus athchraoladh faisnéise a bhaineann le seiceálacha cois bóthair áirithe ar a gcríoch a thoirmeasc. Dheimhnigh an Chúirt, faoin Treoir maidir le trádáil leictreonach, go dtagann oibleagáidí agus toirmisc mar sin, i bprionsabal, faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil soláthraithe na seirbhísí lena mbaineann bunaithe. É sin ráite, féadfaidh Ballstáit eile oibleagáidí agus toirmisc mar sin a fhorchur ar sholáthraithe nach bhfuil bunaithe ar a gcríoch, faoi réir na coinníollacha a leagtar síos sa treoir sin a chomhlíonadh, go háirithe má léirítear go bhfuil an méid sin riachtanach mar gheall ar an ord poiblí, cúrsaí slándála nó sábháilteachta. Freisin, thug an Chúirt faoi deara nach féidir oibreoir sheirbhís na sochaí faisnéise a eisiamh óna dhliteanas maidir leis an bhfaisnéis a stóráiltear agus a athchraoltar faoina rialú. Is amhlaidh atá i gcás go gcinneann an t-oibreoir, trí algartam, na coinníollacha faoina n-athchraolfar nó nach n-athchraolfar an fhaisnéis sin, conas agus cén t-ord tosaíochta a bheidh ann.

Sa Fhrainc, tá foilsitheoirí suímh gréasáin pornagrafaíochta faoi cheangal modhanna teicniúla a chur i bhfeidhm chun an aois a dheimhniú d'fhonn cosc a chur ar mhionaoisigh rochtain a fháil ar an suíomh. Anuas air sin, féadfaidh toirmeasc a chur ar sholáthraithe seirbhísí cúnaimh tiomána le geoshuíomh an fhaisnéis a chuireann a n-úsáideoirí chucu i ndáil le seiceálacha cois bóthair áirithe ar chríoch na Fraince a athchraoladh.

Tá dhá fhoraithne lena gcuirtear na bearta sin chun feidhme faoi achomharc os comhair na Comhairle Stáit sa Fhrainc. I gCás C-188/24 chuir na cuideachtaí Sheiceacha WebGroup Czech Republic agus NKL Associates i gcoinne na n-oibleagáidí a fhorcuirtear ar fhoilsitheoirí suímh gréasáin pornagrafaíochta. I gCás C-190/24, chuir an chuideachta Fhrancach, Coyote System i gcoinne an toirmisc ar aird a tharraingt ar sheiceálacha cois bóthair áirithe.

Áitíonn na cuideachta sin, *inter alia*, go ndéantar neamhaird leis na bearta atá faoi chonspóid ar **phrionsabal na 'tíre tionscnaimh**' a chumhdaítear sa **Treoir maidir le trádáil leictreonach** [1] lena mbeartaítear mar aidhm saorghluaiseacht sheirbhísí na sochaí faisnéise a chinntiú laistigh den Aontas Eorpach. De réir an phrionsabail sin, lena gcuirtear chun feidhme aitheantas frithpháirteach idir na Ballstáit sa réimse seo, tá seirbhísí a thagann faoi réim an 'réimse comhordaithe' [2] faoi réir dhlí an Bhallstáit bunaíochta amháin.

Ar iarraidh ón gComhairle Stáit (an Fhrainc), shonraigh an Chúirt, ar dtús, go dtagann **na bearta atá faoi chonspóid faoin réimse comhordaithe**. Níl an réimse sin srianta do na ceanglais a rialaítear le forálacha comhchuibhithe na treorach, ach i bprionsabal cumhdaítear aon cheanglas a bhaineann le rochtain ar sheirbhís na sochaí faisnéise nó saothrú an chéanna.

Ansin, chinn an Chúirt gurb ionann **cur i bhfeidhm** na mbeart ag an bhFrainc ar **sholáthraithe seirbhíse a bhunaítear i**

**mBallstáit eile** agus srian ar shaorghluaiseacht na seirbhísí lena mbaineann. **Ceadaítear** leis an treoir, áfach, **faoi choinníollacha áirithe**, na bearta sin a fhorchur freisin ar sholáthraithe seirbhíse nach bhfuil bunaithe ina gcríoch. Sa chás seo, saothraítear leis na bearta atá faoi cheist **oibleagáidí a aithnítear leis an Treoir**, lena n-áirítear, go háirithe, **an t-ord poiblí**, lena gcumhdaítear **cosaint na mionaoiseach**, agus an **tslándáil phoiblí**, lena bhfuil nasc ag an toirmeasc ar athchraoladh faisnéise a bhaineann le seiceálacha cois bóthair áirithe. Anuas air sin, is dealraitheach go bhfuil siad **comhréireach** i bhfianaise na n-oibleagáid sin. Ina theannta sin, is dealraitheach go gcumhdaítear seirbhísí na sochaí faisnéise sonracha leis na bearta sin a dhéanann dochar do na hoibleagáidí agus atá mar **chinntí** fógra fhoirmiúil **aonair** lena n-ordaítear comhlíonadh nó lena bhforchuirtear toirmeasc arna ghlacadh de bhun na reachtaíochta náisiúnta.

**Sula ndéanfar bearta mar sin**, ach amháin i gcásanna práinne, áfach, is gá a **iarraidh ar Bhallstát bunaíochta** an tsoláthraí seirbhíse lena mbaineann a **bhearta iomchuí féin a ghlacadh** agus a **chur in iúl** don Choimisiún Eorpach agus don Bhallstát sin go bhfuil sé beartaithe na bearta a dhéanamh.

Ar choinníoll go ndéantar na coinníollacha sin go léir a shásamh, **féadfaidh** Ballstát a **cheangal** ar sholáthraithe sheirbhísí na sochaí faisnéise bunaithe i mBallstát eile **córas a chur ar bun chun aois úsáideoirí a dheimhniú** d'fhonn cosc a chur ar mhionaoisigh rochtain a fháil ar a shuímh ghréasáin pornagrafaíochta, nó d'fhonn toirmeasc a chur ar na soláthraithe sin **athchraoladh**, mar chuid dá seirbhísí cúnaimh tiomána le geoshuíomh, **faisnéise a bhaineann le seiceálacha cois bóthair áirithe**. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur a chinneadh an sásaíonn na bearta atá faoi chonspóid na coinníollacha sin.

Ar deireadh, rialaigh an Chúirt ar an gceist an bhféadfaí soláthraí seirbhísí mar sin a eisiamh óna dhliteanas de bharr go soláthraíonn a úsáideoirí an fhaisnéis a stórálann agus a athchraolann sé. Chuige sin, mheabhraigh an Chúirt, chun bheith i do sholáthraí '**óstála**', faoina bhféadfaí, i bprionsabal, **tairbhe a bhaint as díolúine ón dliteanas i leith na faisnéise a stóráiltear ar iarraidh ó úsáideoir**, ní mór nach mbeadh eolas ná rialú ag an soláthraí ar an bhfaisnéis. Soláthraí a **chinneann**, áfach, **trí algartam, na coinníollacha faoina n-athchraolfar nó nach n-athchraolfar an fhaisnéis sin, conas agus cén t-ord tosaíochta a bheidh ann, tá rialú aige** ar an bhfaisnéis sin agus níl díolúine aige ón dliteanas. Fiú i gcás díolúine mar sin, áfach, féadfar cosc a chur ar an soláthraí seirbhíse lena mbaineann faisnéis a athchraoladh a bhaineann le seiceálacha cois bóthair áirithe ar chúiseanna oird phoiblí, slándála nó sábháilteachta.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, résumé ar an mbreithiúnas ar shuíomh gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar Europe by Satellite ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000, maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhíse na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach, go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach ('an Treoir maidir le trádáil leictreonach').

[2] Cumhdaítear leis an raon feidhme na ceanglais a leagtar síos i gcórais dlí na mBallstát a bhaineann le soláthraithe sheirbhísí na sochaí faisnéise nó le seirbhísí na sochaí faisnéise iad féin, más ceanglais de chineál ginearálta iad nó má dhéantar iad a dhearadh go sonrach dóibh.